IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2017

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

Clár Ábhar

1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Ráitis ar Chomhlíonadh Rialachas Comhlacht Stáit 2
3. Príomhfhorbairtí in 2017 6
4. Airgeadas 10
5. Deimhniú Scannáin Phictiúrlainne 12
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 14
7. Ceadúnais a Eisíodh 15
8. Foireann 17

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Chuig Charles Flanagan
T.D., an tAire Dlí agus
Cirt agus Comhionannais

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán a chur i láthair don bhliain 2017 de réir mar atá forordaithe ag Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Tá ár bhfeidhmeanna reachtúla á rialáil ag an Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus ag an Acht um Fhístaifeadtaí, 1989 sa mhullach ar a leasuithe ábhartha. Ina theannta sin, cloímid leis na Prionsabail seo a leanas:

- Creidimid gur cheart go mbeadh daoine fásta (i.e., daoine os cionn 18 mbliana d'aois) saor, laistigh den dlí, leis an méid ba mhaith leo a fheiceáil a roghnú.
- Tá sé de dhualgas orainn páistí agus daoine óga a chosaint ó chontúirt.
- Spreagaimid agus cuirimid chun cinn go láidir feidhmiú freagrachta tuismitheoirí.

Ba bhliain eile 2017 inar tháinig méadú ar líon na scannán pictiúrlainne a cuireadh faoinár mbráid le haicmiú a dhéanamh orthu. I gcaitheamh na tréimhse, rinneadh 447 scannán a aicmiú, i gcomparáid le 420 in 2016. Tá méadú 30% tagtha, go deimhin féin, ó 2014 ar aghaidh ar aighneachtaí amharclainne.

Tháinig laghdú ar fhíseáin agus DVDanna, áfach, i rith na bliana. Fuarthas 3,089 saothar, ar an iomlán, lena n-aicmiú i gcomparáid le 3,830 in 2016. I ndiaidh thart ar an méid céanna aighneachtaí a fháil ar feadh 4 bliana, ba mhór an meath é seo. Léiríodh sna treochtaí luatha don bhliain 2018 go mbeidh an leibhéal gnó sa limistéar seo mar an gcéanna.

Ceapadh cúigear Aicmitheoirí Cúnta i Márta ar feadh téarma 3 bliana. Lean seo próiseas earcaíochta poiblí a bhain freagairt mhór amach.

I rith 2017, rinneadh cinneadh amháin a achomharc leis an mBord Achomhairc Aicmithe Scannán, a sheas le cinneadh an IFCO.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don obair a rinne foireann an IFCO, na hAicmitheoirí Cúnta agus chun ionchur cuiditheach John Laffan agus fhoireann Aonad Rialachais Shibhialta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a aithint.

Is mise, le meas,

Ger Connolly
An Stiúrthóir Aicmithe Scannán

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Ráitis ar Chomhlíonadh Rialachas Comhlacht Stáit

1. Deimhním gur comhaontaíodh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thugann le fios comhlíonadh riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

2. Tugadh faoi Mheasúnú Cuí ar phríomhrioscaí an IFCO. Is iad an dá phríomhriosca a sainaithníodh:

- De réir mar a éiríonn an fhuinneog d'aicmiú fiú níos giorra, tá ar an IFCO a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí cliaint amach. Chuige sin, scrúdóidh an IFCO a indéanta atá sé táirge a sholáthar go digiteach seachas trí DVDanna fisiciúla.

- I ndiaidh gur earcaíodh aicmitheoirí ó Aibreán 2017, ba ríthábhachtach oiliúint a chur ar aon daoine nua-cheaptha a thapúla lena chinntiú leanúnachas seirbhís ardchaighdeáin.

3. Tá an IFCO ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

4. Tá an IFCO comhlíontach le dlí cánach na hÉireann.

5. Thar ceann Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann, aithním an fhreagracht atá orm mar Stiúrthóir as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Riosca agus Rialú

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an IFCO agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Athbhreithneofar an clár seo arís in 2018.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an IFCO le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach in 2017 óna dteastaíonn nochtadh.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe, go bhfuil córas buiséadta cuí ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a choimeádann an bhainistíocht faoi athbhreithniú.

- Déanann an bhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den IFCO.
- Cinntíonn an IFCO go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha agus beartas soláthair a chinntiú.

‘Foréigean agus bagairt bheag.’
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Paddington 2* ar láithreán gréasáin an IFCO)

Paddington 2
Stiúrthóir: Paul King.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Príomhfhorbairtí in 2017

Gníomhaíocht Oibríochtúil

Ba é 447 an líon iomlán príomhscannáin chineama a deimhníodh le linn 2017, ar méadú 27 é seo ar an mbliain roimhe seo.

Ba é an líon iomlán saothair físeáin a deimhníodh 3089, ar laghdú 19% é seo i gcomparáid le 2016. Cé gur laghdú suntasach é seo, tugann na comharthaí luatha don bhliain 2018 paireacht le fios leis an mbliain atá faoi chaibidil.

Go príomha, leanann ár gcomhpháirtithe gnó le hábhar a aicmiú, gan aird ar mhodh soláthair.

‘Bagairt bheag.’
(Comhairle do thomhaltóirí ar *The Greatest Showman* ar láithreán gréasáin an IFCO)

The Greatest Showman
Stiúrthóir: Michael Gracey.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Achomhairc

Rinneadh achomharc amháin in 2017. Aicmíodh an scannán FREE FIRE do dhaoine 18 mbliana d'aois agus tugadh an chomhairle do thomhaltóirí "Foréigean seasta fuilteach. Baintear úsáid mhór as drugaí." Rinne an Bord Achomhairc Aicmithe Scannán breithniú ar an achomharc agus rinne siad an t-aicmiú 18 a athdhearbhú.

Físchluichí

I rith 2017, rinne an IFCO scrúdú ar 37 cluiche a bhí rátáilte 18 ag an gCóras Uile-Eorpach Faisnéise do Chluichí (PEGI) chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 a chinntiú. Leanann an córas seo ag teacht chun cinn agus tá sé cruthaithe go bhfuil an córas ina shamhail an-éifeachtach agus glacann go leor tíortha páirt ann anois.

Grúpaí Fócais/Cuir i Láthair

Rinneadh roinnt cuir i láthair idirghníomhacha le Mic Léinn Dara agus Tríú Leibhéal i rith na bliana, iad siúd ina measc a rinneadh ag imeachtaí Féile Scannán Cinemagic i mBaile Átha Cliath agus Dún Dealgan.

Treoirlínte

Leantar le monatóireacht a dhéanamh ar na treoirlínte foilsithe lena chinntiú go léirítear go cothrom an méid a mbíonn súil ag an bpobal leis ó shainordú an IFCO.

Láithreán Gréasáin

I rith 2017, cuireadh tús le hobair ar láithreán gréasáin an IFCO a nuashonrú. Cé gur léir gurbh uirlis an-áisiúil é, go háirithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun teacht ar ábhar scannáin, tá cuma as dáta ag teacht air le déanaí. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil sé ann le 14 bliana anuas, is cinnte deimhin gur tráthúil an t-athchóiriú seo. Le cúnamh mór on bhfoireann TF Cheartais Inmheánaigh, tá súil leis an láithreán nua seo a sheoladh i lár 2018.
Anuas air seo, beidh tabhairt isteach aip an IFCO, agus tá súil leis go mbeidh sé ar fáil go gairid i ndiaidh uasghrádú an láithreáin ghréasáin.

Gearáin

I rith 2017, fuair an IFCO 17 ngearán ón bpobal a bhain go sonrach le haicmiú a bronnadh. Ba é an méid ba mhó gearán a fuarthas maidir le haon teideal amháin 3 ghearán i gcás WHY HIM, greann a aicmíodh 15A mar gheall ar "Caint Bhéal-Láidir agus Tagairtí Gnéis go Minic."
Braithim go dtugann an líon íseal de na gearáin siúd le fios go bhfuil an chuid is mó de dhaoine sásta leis an obair atá á déanamh san oifig. Bheadh súil leis, áfach, go dtabharfar níos mó cuairteanna ar an láithreán gréasáin nuashonraithe agus b'fhéidir go spreagfaidh sé daoine chun teagmháil a dhéanamh leis an IFCO. Cuirtear fáilte roimh an ionchur cuiditheach go léir, bíodh se dearfach nó diúltach agus cuireann sé eolas ar fáil dúinn faoin méid a mbíonn daoine ag súil leis ó sheirbhís an IFCO.

Soláthar Digiteach

Go déanach in 2017, beartaítear scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé aighneachtaí Físeáin a fháil go digiteach. Chabhródh seo go mór lenár gcliaint ghnó atá faoi bhrú ag tréimhse ama idir léiriúchán agus scaoileadh atá ag dul i laghad i gcónaí.

‘Gníomh rialta ficsean eolaíochta.’
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Star Wars: The Last Jedi* ar láithreán gréasáin an IFCO)

Star Wars: The Last Jedi
Stiúrthóir: Rian Johnson.

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Airgeadas

Ba iad seo a leanas na táillí a ghearr an Oifig le haghaidh deimhniú scannán agus DVDanna/físeán agus le haghaidh ceadúnais a eisiúint in 2017:

- **Físeán** **€953,487.06**
- **Scannán** **€384,183.37**
- **Ceadúnais** **€197,000.00**
- **Lipéid** **€952.50**
- **Ilghnéitheach** **€1,000.00**

Ba é an t-ioncam iomlán a fuarthas thar ceann na Roinne in 2017 **€1,536,622.93.**

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Caint bhéal-láidir agus tagairtí gnéis.'
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Lady Bird* ar láithreán gréasáin an IFCO)



Lady Bird
Stiúrthóir: Greta Gerwig.

15A

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Deimhniú Aighneachtaí Pictiúrlainne

Aighneachtaí Pictiúrlainne a Deimhníodh in 2017

Príomhscannáin	447
Gearrscannáin	4
Réamhbhlaiseadh	621
Iomlán	**1072**

De réir Catagóire

G	158
PG	191
12A	383
15A	269
16	51
18	20
Iomlán	**1072**

Príomhscannáin/Gearrscannáin Deimhnithe de réir Catagóire

	2014	2015	2016	2017
G	38	28	37	38
PG	49	47	62	58
12A	114	117	131	126
15A	139	129	142	164
16	44	38	35	45
18	7	12	13	20
	391	**371**	**420**	**451**

Tír Thionscnaimh Aonair

146	SAM
72	An India
53	An RA
38	Éire
15	An tSeapáin
14	An Pholainn
10	An Fhrainc
6	An tSín
5	Ceanada
3	An Astráil
3	An Ghearmáin
3	An Iodáil
2	An Liotuáin
2	An Rúis
2	An Spáinn
1	An Ostair
1	An Bheilg
1	An Bhulgáir
1	An Danmhairg
1	An Éigipt
1	An Nua-Shéalainn
1	Tuaisceart Éireann
1	An Phacastáin
1	An Rómáin
1	An tSualainn
1	An Tuirc
385	**Iomlán**

Iltíortha Tionscnaimh

8	An RA/SAM
3	Ceanada/SAM
2	An tSín/SAM
2	An Fhrainc/an Bheilg
2	An Fhrainc/an Ghearmáin
2	Éire/Ceanada
2	Éire/an RA
2	An RA/an Fhrainc
2	An RA/SAM/Ceanada
2	Éagsúil
1	An Astráil/an tSín/an Rúis/an Téalainn
1	An Bheilg/an Fhrainc
1	An Bhrasaíl/an Fhrainc
1	Ceanada/an Chóiré Theas
1	An tSín/Ceanada/SAM
1	An tSín/Hong Cong
1	Pob. na Seice/An RA/SAM
1	An Danmhairg/SAM
1	An Fhionlainn/an Ghearmáin
1	An Fhrainc/an Ostair/an Ghearmáin
1	An Fhrainc/an RA
1	An Fhrainc/SAM
1	An Fhrainc/an RA/SAM
1	An Ghearmáin/an Fhrainc/Éire
1	An Ungáir/an Ghearmáin
1	An Iaráin/an Fhrainc
1	Éire/an Fhrainc/an Spáinn/SAM
1	Éire/an Fhrainc/SAM
1	Iosrael/SAM
1	An Iodáil/an Fhrainc/SAM
1	An tSeapáin/an RA
1	An Chóiré/an tSeapáin
1	An Ísiltír/an RA
1	An Nua-Shéalainn/an RA
1	An Rúis/an Fhrainc/an Ghearmáin
1	An Spáinn/Ceanada
1	An Spáinn/SAM
1	An tSualainn/an Danmhairg/an Fhionlainn
1	An tSualainn/an Ghearmáin/an Fhrainc/an Danmhairg
1	An RA/an Bheilg
1	An RA/an Fhrainc/an Ghearmáin
1	An RA/an Ísiltír/an Fhrainc/SAM
1	An RA/an Ghearmáin
1	An RA/an Pholainn
1	An RA/an tSualainn/SAM
1	SAM/Ceanada
1	SAM/an Danmhairg
1	SAM/Éire
1	SAM/an RA
66	**Iomlán**

‘Uafás láidir fuilteach. Tagairtí do mhí-úsáid leanaí.’
(Comhairle do thomhaltóirí ar *It* ar láithreán gréasáin an IFCO)

It
Stiúrthóir: Andy Muschietti.

16

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Deimhniú Físeán/DVDanna



De Shaghas na hOibre

Príomhscannán	1484
Cumasc	339
Breiseanna DVD	1052
Réamhbhlaiseadh	173
Físchluiche	37
Fógra	4
Iomlán	**3089**



Saothair DVD/Físeáin Aicmithe de réir Catagóire

	2014	2015	2016	2017
G	676	726	805	551
PG	675	610	590	531
12	884	905	845	705
15	1331	1596	1427	1118
18	227	228	163	184
Iomlán	**3793**	**4065**	**3830**	**3089**

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Ceadúnais a Eisíodh in 2017



Mórdhíol	0
Feithicil	1
Miondíol	1,015
Iomlán	1,106

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

'Foréigean grafach an-láidir.'
(Comhairle do thomhaltóirí ar *mother!* ar láithreán gréasáin an IFCO)



mother!
Stiúrthóir: Darren Aronofsky

18

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Foireann

An Stiúrthóir Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Aicmithe Scannán i mBealtaine 2016. Bhí sé ina Scrúdóir Cúnta agus ina Stiúrthóir Gníomhach roimhe sin.

Rugadh Ger i mbaile Chill Dara agus tá cónaí air ansin. Bhain sé céim amach ó COBÁC le Céim B. Comm, agus rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sell, agus d'oibrigh sé sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta. Ceapadh mar scrúdóir cúnta scannán páirtaimseartha é i mí na Samhna 1993. D'fhóin sé mar Leas-Scrúdóir Scannán ó 2003 go 2009. Bhí sé ar dhuine de thriúr toscairí Éireannacha le Comhdháil na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha i mBaile Átha Cliath in 2001.

Déanann sé ionadaíocht ar son na hÉireann ar bhord PEGI, an córas Uile-Eorpach aicmithe do Chluichí, agus suíonn sé ar a Bhord Comhairleach agus ar a Bhord Gearán araon.

Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha i rith 2017

Zélie Asava
PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha in 2017

Mark Brennan
Iriseoir
Ceaptha in 2017

Niamh McCole
PhD sa Staidéar Scannán
Ceaptha in 2017

David Power
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha in 2017

Martin Scanlon
Abhcóide
Ceaptha in 2017

www.ifco.ie

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE